CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS FOIRNE TEAGAISC I MBUNSCOILEANNA

# Rochtain painéal do mhúinteoirí ar chonradh téarma socraithe (sealadach), do mhúinteoirí ionaid agus do mhúinteoirí páirtaimseartha

## 1. Tús eolais

Is é cuspóir na himlitreach seo na socruithe do rochtain ar phainéil ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2012/13 leagan amach i gcás bunmhúinteoirí cláraithe incháilithe i bpoist théarma socraithe (sealadach), i bpoist ionaid agus i bpoist pháitaimseartha i mbunscoileanna aitheanta.

Beidh éifeacht ag na socruithe nua seo ó thús na scoilbhliana 2012/2013. Gabhfaidh siad áit na riachtanas seirbhíse reatha 3 bliana agus 5 bliana i dtaca le rochtain ar an bpainéal forlíontach agus ar an bhfophaineál tánaisteach agus scoite den phríomhphainéal.

Mar shocrú idirthréimhseach aon uaire measfar go mbeidh múinteoirí téarma socraithe, atá ar phainéal i láthair na huaire nó a d'iarchuir a rochtain ar na painéil sin maidir leis an scoilbhliain reatha (2011/12), incháilithe don phainéal cuí don scoilbhliain 2012/13 ar choinníoll go ndéanann siad iarratas chuig an Roinn Dé hAoine an 20 Aibreán 2012 nó roimhe sin, ar an bpainéal sin arís.

Na painéil a bhunófar de réir na socruithe atá leagtha amach san imlitir seo, bainfear úsáid astu chun múinteoirí a cheapadh i mbuanphoist teagaisc lánaimseartha i gcás nach gá na poist sin ar aon slí eile chun ath-imlonnú buanmhúinteoirí agus múinteoirí a bhfuil CID acu a éascú.

## 2. An Príomh-fhophainéal

Is do bhuanmhúinteoirí agus do mhúinteoirí a bhfuil CID acu a chruthaítear gach príomhphainéal ath-imlonnaithe le cinntiú gur do na múinteoirí sin a thairgtear gach folúntas i bpost buan agus i bpost téarma socraithe ar an gcéad dul síos.

Cruthófar fophainéal scoite de gach phríomhphainéal ath-imlonnaithe (a dtabharfar an príomh-fhophainéal air anseo feasta) le haghaidh bunmhúinteoirí incháilithe i bpoist théarma socraithe, ionaid agus pháirtaimseartha a chomhlíonann na critéir incháilitheachta ábhartha a shonraítear in **Aguisín A** den Imlitir seo.

Ón bpríomh-fhophainéal a cheapfaidh scoileanna múinteoirí i bpoist bhuana lánaimseartha eile nach bhfuil ag teastáil ar aon slí eile chun ath-imlonnú buanmhúinteoirí agus múinteoirí a bhfuil CID acu ar na príomhphainéil a éascú.

## 3. Painéal forlíontach

Is le haghaidh bunmhúinteoirí incháilithe i bpoist théarma socraithe, ionaid agus pháirtaimseartha a chomhlíonann na critéir incháilitheachta ábhartha a shonraítear in Aguisín A den Imlitir seo a chruthófar gach painéal forlíontach ath-imlonnaithe.

Ón bpainéal forlíontach a cheapfaidh bunscoileanna múinteoirí i bpoist bhuana lánaimseartha eile nach bhfuil ag teastáil ar aon slí eile chun ath-imlonnú buanmhúinteoirí agus múinteoirí a bhfuil CID acu ar an bpríomhphainéal nó ar an bpríomh-fhophainéal a éascú.

## 4. Próiseas iarratais um rochtain ar phainéil:

(i) Múinteoirí téarma socraithe, ionaid agus páirtaimseartha incháilithe ar mian leo iarratas a dhéanamh ar rochtain ar an bpainéal cuí, ní mór dóibh an fhoirm iarratais chuí a chomhlánú mar seo a leanas:

- Foirm iarratais in **Aguisín B** i gcás múinteoirí lánaimseartha (téarma socraithe nó ionaid) atá ag lorg rochtana ar an bpríomh-fhophaineal nó ar an bpainéal forlíontach.

- Foirm iarratais in **Aguisín C** i gcás múinteoirí páirtaimseartha atá ag lorg rochtana ar an bpríomh-fhophaineal nó ar an bpainéal forlíontach.

Ní mór foirmeacha comhlánaithe (lena n-áirítear cóip de dhuillín pá deireanach an mhúinteora sa bhliain 2011) a bheith faighte sa Roinn **Dé hAoine an 20 Aibreán 2012** nó roimhe sin ag an seoladh thíos:

An Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Corr na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.

**Is den tábhacht é a nótáil nach mbreithneofar aon iarratas déanach le bheith curth ar na painéil seo.**

Is é rún na Roinne toradh d'iarratais a chur in iúl duit thart faoi Bhealtaine, 2012.

(ii) Iarrtar ar mhúinteoirí a dhearbhú ar a n-iarratas go gcomhlíonann siad na riachtanais cháilitheachta atá leagtha amach ag Aguisín A. **Ní mór** iarratais ó mhúinteoirí a bheith comhlánaithe ina n-iomláine agus fianaise chuí i bhfoirm cóip de dhuillín pá an mhúinteora sa bhliain fhéilire 2011 a bheith ag gabháil leis. Iarratasóirí nach gcuireann an t-eolas riachtanach ar fáil (foirm iarratais chomhlánaithe agus cóip de dhuillín pá deireanach an mhúinteora don bhliain fhéilire 2011), ní phróiseálfar a n-iarratas agus ní bhreithneofar iad lena gcur ar phainéal.

(iii) Ón uair a chinnfear go gcomhlíonann na sonraí tuarastail ar an bhfoirm iarratais na riachtanais cháilitheachta cuirfear an múinteoir ar an bpainéal cuí ar bhonn sealadach. Déanfar seiceálacha breise, mar is cuí, ag céim an cheapacháin, i gcás múinteoirí a bheidh á gceapadh i bpoist bhuana ó na painéil seo. Ba cheart do

scoileanna agus múinteoirí a thabhairt dá n-aire, mar sin, go bhféadfadh an próiseas seiceála seo ceapachán beartaithe a chur ar ceal.

(iv) Ní mór do gach múinteoir a dhéanann iarratas ar phainéal ath-imlonnaithe seoladh teagmhála ríomhphoist a sholáthar ar mhaithe le hoibriú éifeachtach na bpainéal. Féadfaidh bunscoileanna an seoladh ríomhphoist sin a úsáid mar phríomhphointe teagmhála le múinteoir agus d'fhéadfaí múinteoir a bhaint de phainéal má theipeann air nó uirthi freagra a thabhairt ar chomhfhreagras ríomhphoist.

## 5. Athbhreithniú:

Déanfar oibriú na socruithe sin a athbhreithniú leis na comhpháirtithe cuí oideachais go déanach sa bhliain 2012 féachaint cén t-athrú, más ann dó, is gá do scoilbhlianta dá éis.

## 6. Ceisteanna:

Ar phróiseas leithdháilte múinteoirí don scoilbhliain 2012/13 agus ar oibriú na bpríomhphainéal ath-imlonnaithe do bhuanmhúinteoirí agus do mhúinteoirí a bhfuil CID acu, a dhíreoidh Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne go príomha.

Mar sin is teoranta an cumas a bheidh aici ceisteanna a fhreagairt ó dhaoine aonair i dtaobh na hImlitreach seo.

Freagraí ríomhphoist amháin a thabharfar ar cheisteanna aonair, ón seoladh ríomhphoist seo a leanas: circular12_2012query@education.gov.ie

Iarrtar ort a nótáil nach gcuirfear síneadh leis an spriocdháta den 20 Aibreán 2012 i gcás nach bhfaightear freagra ar cheist roimh an dáta sin.

Hubert Loftus,
Príomhoifigeach

An Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí

Márta, 2012